

# Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna  
Leitir Ceanainn  
Tír Chonaill

Uimhir Rolla 7608IF

## Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

**Tréimhse na Tuairisce:** *Samhain 2020 – Meitheamh 2021*

**Dáta eisiúna na tuairisce:** 4 Meitheamh 2021

*An English Language summary is provided at the end of this document*

# Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

## 1. Réamhrá

### 1.1 Fócas na meastóireachta

De bharr na paindéime domhanda Covid 19, ba scoilbhliain eisceachtúil í 2020-2021. I ndiaidh don scoil a bheith druidte ó Mhárta 2020, d'oscail an scoil an athuair i Lúnasa 2020, agus, mar bheart eigeandála, shocraigh an fhoireann teagasc go mbunófaí Plean Feabhsúcháin Scoile 2020-2021 ar dhá rud: a) folláine na ndaltaí agus na múinteoirí agus b) scileanna teicneolaíochta. Ba é an réasúnaíocht a bhain leis seo ná: I bhfianaise na géarcheime sláinte, measadh é a bheith den fhíorthábhacht plean cinnte a bheith ag an scoil maidir le sláinte agus folláine an phobail scoile. Mar chuid de sin, measadh go raibh sé an-tábhachtach cur le scileanna teicneolaíochta na múinteoirí sa dóigh is go laghdófaí an méid oibre i gcóipleabhair a dhéanadh na daltaí agus go mbeadh an fhoireann teagasc ábalta agus réidh le tabhairt faoin chianfhoghlaim dá mbeadh gá leis arís ar luathfhógra.

Ar ndóigh, druideadh scoileanna na tíre den dara huair in Eanáir 2021 agus ba de réir a chéile, idir Feabhra agus Aibreán a fosclaíodh an scoil an athuair do bhliainghrúpaí difriúla. Chuir sé seo isteach go mór ar oibriú ghnéithe den PFS agus ar an phróiseas féinmheastóireachta. Mar gheall ar shrianta ama agus mian na scoile gan tuilleadh brú a chur ar mhúinteoirí, socraíodh ag cruinniú éigeandála múinteoirí ag tús mhí Bhealtaine, tuairimí agus moltaí a bailíodh ó pháirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh i mí Feabhra 2020 a choinneáil bliain eile (iad a úsáid mar bhunús do PFS 2022-2023) agus go ndíreofaí an athuair ar na réimsí seo don scoilbhliain 2021-2022: **Scileanna TFC** agus **Straitéisí chun Sláinte agus Folláine Phobal Choláiste Ailigh a chinntiú**. Chomh maith leis sin, aontaíodh go dtósófaí ar an **teagasc foirne** sa scoil. I ndiaidh an chruinnithe, mhol coistí áirithe scoile go gcuirfí béim fosta ar **bhearta a chuideodh le daltaí nua sa Chéad Bhliain socrú isteach sa mheánscoil** agus go gcuirfí le **soláthar seirbhísí riachtanas speisialta** na scoile.

### 1.2 Comhthéacs na scoile

Is gaelcholáiste pobail measctha é Coláiste Ailigh. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 le freastal ar scoláirí i mbaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird ar mhaith leo a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Bhí 279 scoláire ag freastal ar an scoil ar an 1 Meán Fómhair 2020. Thosaigh 55 sa Chéad Bhliain agus astu sin, tháinig 53 ón ghaelscoil áitiúil nó ó bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne 2 dhalta freastal ar bhunscoileanna ina ndearnadh an teagasc trí Bhéarla.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide agus oibre na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an Ghaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na scoláirí agus phobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na teangacha iasachta) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócáid scoile taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Ní gaeilgeoir gach tuismitheoir agus, ar an ábhar sin, déantar cuid d'obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá.

Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinsearach (Gairmchlár na hArdteistiméireachta san áireamh). Bíonn rogha ag scoláirí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí cúrsa na hIdirbhliana a dhéanamh.

### 1.3 Bailiú na Fianaise

Mar gheall ar dhúnadh na scoileanna go luath i Mí Márta 2020, cuireadh isteach go mór ar bhailiú fianaise don scoilbhliain 2019-2020. Bhí an scéal amhlaidh in 2021, le dúnadh agus páirtdhúnadh na scoile idir Eanáir - Aibreán 2021.


I mí Feabhra 2020, rinneadh mórshuirbhé ar pháirtithe uile an oideachais i gColáiste Ailigh. Tá na sonraí a bhaineann leis an tsuirbhé seo ar fáil i dTuairisc Féinmheastóireachta Choláiste Ailigh 2020-2021. Ní phléifear anseo iad, ach tiocfar ar ais chucu mar chuid den phróiseas féinmheastóireacht in 2022.

Socraíodh ag tús na scoilbhliana 2020-2021, ar bhonn éigeandála, go ndíreofaí go sonrach ar fholláine agus sláinte phobal na scoile agus ar fhorbairt na teicneolaíochta mar áis teagasc agus foghlama don scoilbhliain 2020-2021. I bhfianaise dhruidim na scoile an athuir in Eanáir 2021 agus an brú breise a cuireadh ar mhúinteoirí, socraíodh i mBealtaine 2021, go leanfaí ar aghaidh leis an phlean a bhí ann do 2020-2021 ar feadh bliana eile ach go gcuirfí tús leis an teagasc foirne sa scoil mar bheart breise don scoilbhliain 2021-2022. Mhol coistí ar leith bearta maidir le riachtanais speisialta agus clár chun cuidiú le daltaí nua socrú isteach sa Chéad Bhliain fosta. **Mar gheall ar an phaindeim, ní raibh faill ag an fhoireann tabhairt faoin ghnáthphróiseas féinmheastóireachta agus na cinnithe seo á nglacadh agus socraíodh ar na bearta seo mar ghníomh éigeandála.**


Eisíodh ceistneoir ar na múinteoirí i mBealtaine 2021 chun eolas a bhailiú faoi chur i bhfeidhm PFS éigeandála 2020-2021.

## 2. Na tátail


*Seo a leanas cáilíocht an chleachtais maidir leis na trí fhothéamaí meastóireachta:*



Mar gheall ar an chiorrú ar an phróiseas féinmheastóireachta, níor bailíodh eolas sonrach ar an ghné seo den teagasc agus foghlaim in 2021.



Mar gheall ar an chiorrú ar an phróiseas féinmheastóireachta, níor bailíodh eolas sonrach ar an ghné seo den teagasc agus foghlaim in 2021.



Mar gheall ar an chiorrú ar an phróiseas féinmheastóireachta, níor bailíodh eolas sonrach ar an ghné seo den teagasc agus foghlaim in 2021.

### 3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo

Chuir an scoil CÚIG sprioc roimpi féin i bPlean Feabhsúcháin Scoile 2020-2021:

- A. Cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- B. Bealach a fháil chun daltaí nár ghlac páirt fhiúntach sa chianfhoghlaim a spreagadh le dul i ngleic leis an teicneolaíocht ar bhealach níos fearr.
- C. Córas a fhorbairt le go mbeadh daltaí a bhfuil deacrachtaí sláinte nó eile acu ábalta a bheith ag foghlaim ón bhaile.
- D. Cúram a thabhairt do mheabhairshláinte na ndaltaí agus na múinteoirí.
- E. Córas a fhorbairt a chinnteoidh sláinte agus folláine phobal uile na scoile.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, aontaíodh ar 6 ghníomh:

- Úsáid a bhaint as *VShare* chun tinreamh/easpa tinrimh na ndaltaí a chlárú.
- Clár/scarbhileog a chur ar fáil ar féidir le múinteoirí a úsáid le fadhbanna TFC a chlárú.
- Traenáil a chur ar fáil don fhoireann ar an dóigh le tascanna a chur agus a cheartú ar *Edmodo* agus chun aiseolas a thabhairt air. Traenáil a chur ar fáil ar *Google Meet* fosta mar ullmhúchán don chiantéagasc a d'fhéadfadh tarlú arís ar fhógra luath.
- Lón a eagrú sa scoil do na múinteoirí ar an Aoine uair sa mhí.
- Club cultúrtha/sóisialta ar nós club leabhair a bhunú do na múinteoirí.
- Na treoracha iomlán ó NPHET agus FSS maidir le Covid 19 a chur i bhfeidhm sa scoil.

Thug 75% de na múinteoirí le fios go bhfuair siad traenáil ar úsáid *Edmodo* agus 90% de na múinteoirí go bhfuair siad traenáil ar *Google Meet*. Bhíothas ag súil le breis agus 80% sa dá réimse seo. Thug 55% de na múinteoirí le fios go raibh deacrachtaí teicneolaíochta acu agus, astu sin, bhain 72.7% úsáid as an scarbhileog leis na deacrachtaí sin a chlárú. Bhíothas ag súil leis go mbainfeadh ar a laghad 80% de na múinteoirí a raibh deacrachtaí acu úsáid aisti. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC A a bhaint amach i bpáirt, ach tá scóp fá choinne tuilleadh feabhais.**

Thug 75% de na múinteoirí le fios gur úsáid siad *VShare* i gcónaí agus 25% eile níos mó ná 80% den am le tinreamh na ndaltaí a chlárú. Chomh maith leis sin, d'úsáid na múinteoirí a gcuid scileanna le *Edmodo* agus *Google Meet* chun an chianfhoghlaim a éascú do na daltaí. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC B a bhaint amach.**

Cuireadh trealamh ar fáil do dhaltaí a bhí ar easpa áiseanna don chianfhoghlaim agus úsáideadh *Edmodo* agus *Google Meet* chun cuidiú le daltaí a raibh deacrachtaí sláinte acu agus nach raibh ábalta freastal ar an scoil. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC C a bhaint amach.**

Cloíodh go maith le moltaí agus treoir NPHET agus FSS sa scoil. Níor eagraíodh lón uair sa mhí ar an Aoine, mar a bhí pleanáilte, ach eagraíodh bricfeasta amháin do na múinteoirí agus bearbaiciú do phobal uile na scoile. Bhíothas ag dréim leis go dtabharfadh múinteoirí le fios go raibh atmaisféar níos fearr sa scoil ná mar a bhí anuraidh agus go nglacfadh, ar a laghad, 50% de na múinteoirí páirt i gclub sóisialta sa scoil. Níor thug ach 30% de na múinteoirí le fios go raibh atmaisféar níos fearr sa scoil i mbliana agus níor ghlac ach 20% de na múinteoirí páirt i gclub sóisialta. Cé nach raibh sé luaithe mar ghníomh sa PFS, rinne foireann tréadchúraim agus tacaíochta na scoile cuid mhór oibre le daltaí ar leith agus le múinteoirí a bhí faoi strus mar gheall ar an phaindéim. **Cé gur éirigh leis an scoil SPRIOC D a bhaint amach maidir leis an tsláinte ghinearálta agus gur cuireadh tacaíocht ar fáil do mheabhairshláinte phobal na scoile, níor éirigh leis an scoil na gníomhartha uilig a bhí beartaithe a chur i gcrích.**

Thug 70% de na múinteoirí le fios gur chloígh an scoil go han-mhaith le treoracha NPHEE agus FSS agus 30% eile gur chloígh an scoil 'maith go leor' leo. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC E a bhaint amach.**

## 4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

**4.1 Tá láidreachtaí** ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

- a) D'éirigh go maith leis an scoil dul i ngleic leis na riachtanais sláinte phoiblí.
- b) Tháinig feabhas ar scileanna teicneolaíochta na múinteoirí.
- c) D'éirigh leis an scoil leanstan ar aghaidh le soláthar oideachais na ndaltaí i rith na paidéime.

**4.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:**

- Cur go seasta le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- Cúram a thabhairt do mheabhairshláinte agus sláinte ghinearálta na múinteoirí agus na ndaltaí.
- An comhoibriú foirne a fhorbairt.
- Cur leis an tsoláthar a dhéantar ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Cuidiú le daltaí úra atá ag aistriú ón bhunscoil go dtí an mheánscoil.

**4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialachais seo a leanas:**

- Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe.

## Plean Feabhsúcháin Scoile Choláiste Ailigh, 2021-2022

Tá Coláiste Ailigh ag feidhmiú go maith ach aithnímid go bhfuil roinnt réimsí inar féidir linne, mar fhoireann, feabhas a chur ar ghníomhú éifeachtach na scoile.

### Spriocanna Feabhsúcháin 2021-2022

- Cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- Cur le cúram na scoile i dtaobh meabhairshláinte agus sláinte ghinearálta na múinteoirí agus na ndaltaí.
- Forbairt a dhéanamh ar an chomhoibriú foirne.
- An próiseas aistriú scoile a éascú do dhaltaí nua.
- Tuilleadh cuidiú a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm:

#### GNÍOMH 1

<b>Gníomh</b>	Bainfear úsáid as <i>VShare</i> le tinreamh/easpa tinrimh na ndaltaí a chlárú.
<b>Freagrach</b>	Gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh sé de ghnáthnós ag tuismitheoirí asláithreachais daltaí a chlárú ar <i>VShare</i> agus beidh 80%+ de na múinteoirí ag glacadh an rolla do Rang 2 agus do Rang 6.

#### GNÍOMH 2

<b>Gníomh</b>	Úsáidfidh na múinteoirí scarbhileog le fadhbanna TFC a chlárú.
<b>Freagrach</b>	Seosamh Mac Ceallabhuí & gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh 80%+ de na múinteoirí a mbeidh fadhbanna acu le TFC ag baint úsáid as an scarbhileog lena gcuid fadhbanna teicneolaíochta a chlárú.

#### GNÍOMH 3

<b>Gníomh</b>	Déanfar tuilleadh forbartha ar scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
<b>Freagrach</b>	Coiste teicneolaíochta
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Tabharfaidh 80%+ de na múinteoirí le fios go bhfuil feabhas tagtha ar a scileanna teicneolaíochta.

#### GNÍOMH 4

<b>Gníomh</b>	Eagrófar lón sa scoil do na múinteoirí ar an Aoine uair sa mhí.
<b>Freagrach</b>	Helen Ní Cheallaigh agus Méabha Ní Chailín
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Tabharfaidh na múinteoirí le fios i gceistneoir ag deireadh na bliana go bhfuil atmaisféar níos fearr sa scoil.

## GNÍOMH 5

<b>Gníomh</b>	Bunófar club cultúrtha/sóisialta ar nós club leabhair do na múinteoirí.
<b>Freagrach</b>	Maria Uí Róis
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Glacfaidh ar a laghad 50% de na múinteoirí páirt ann.

## GNÍOMH 6

<b>Gníomh</b>	Cuirfear na treoracha iomlán ó NPHEP agus FSS maidir le Covid 19 i bhfeidhm sa scoil.
<b>Freagrach</b>	Pobal uile na scoile; An tOifigeach Covid 19
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh fearas sláinteachais ar fáil sa scoil, beidh ráta 100% de chaitheamh masc sa scoil, beidh scaradh sóisialta i bhfeidhm, leasófar cód iompair na scoile, más gá.

## GNÍOMH 7

<b>Gníomh</b>	Déanfaidh múinteoirí traenáil sa teagasc foirne leis an PDST agus cuirfear tús leis sna ranganna Riachtanas Speisialta agus Corpoideachais.
<b>Freagrach</b>	Príomhoide Tánaisteach agus Méabha Ní Chailín
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh traenáil faighte ag múinteoirí agus curtha i bhfeidhm ina gcuid ranganna.

## GNÍOMH 8

<b>Gníomh</b>	Cuirfear clár úr do dhaltáí atá ag aistriú ón bhunscoil go dtí an mheánscoil i bhfeidhm do dhaltáí na Chéad Bhliana.
<b>Freagrach</b>	Príomhoide Tánaisteach agus an fhoireann tacaíochta
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh clár ar fáil agus leabhrán in úsáid ag na múinteoirí cuí.

## GNÍOMH 9

<b>Gníomh</b>	Cuirfear seomra cothaithe ar fáil do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
<b>Freagrach</b>	Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta agus an fhoireann tacaíochta
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2021 - Bealtaine 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh seomra ar leith ar fáil ina mbeidh troscán, acmhainní agus áiseanna cuí. Beidh coinníollacha ag baint le húsáid an tseomra agus beidh sé ar fáil do dhaltáí ar leith amháin.

## Dátaí athbhreithnithe

Cuirfear ceistneoir/seicliosta chuig gach múinteoir i mí Feabhra/Márta 2022 chun tuairimí agus aiseolas a fháil agus chun cuidiú le hathbhreithniú.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an phlean seo in Aibreán 2022.

# Aguisín 1

## Seicliosta Reachtaíochta agus Rialála

Saincheist	Reachtaíocht, rialail nó imlitir chúil	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreachaí?			Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt
		2018-19	2019-20	2020-21	
Clárú bailí scoláirí	M51/93	Tá	Tá	Tá	
Am sa scoil - Fad na scoilbhliana (íosmhéid 167 lá do gach bliainghrúpa) - Fad na scoilseachtaine (íosmhéid 28 uair an chloig do gach bliainghrúpa)	Imlitir M29/95	Tá	Tá	Tá	
Caigndeánú na scoilbhliana	Ciorclán 034/2011	Tá	Tá	Tá	
Socruithe do chruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus cruinnithe foirne	Imlitir M58/04	Tá	Tá	Tá	
Straitéis Náisiúnta Litearthachta a chur i bhfeidhm	Ciorclán 25/12	Tá	Tá	Tá	
Comhaontú Pháirc an Chrócaigh i dtaca le ceanglas an ama bhreise a chur i ngníomh	Ciorclán 025/2011	Tá	Tá	Tá	
Plean Scoile a chur le chéile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
Soláthar treorach i scoileanna dara leibhéal	Imlitir PPT12/05, An tAcht Oideachais 1998 (alt 9(c))	Tá	Tá	Tá	
Plean treorach na scoile uile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
OSSP a sheachadadh ar gach rang sa tsraith shóisearach	Imlitir M12/01 Imlitir M13/05	Tá	Tá	Tá	
Díolúine ar staidéar ar an nGaeilge	Imlitir M1 0/94	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Struchtúir athbhreithnithe bainistíochta inscoile a chur i ngníomh	Imlitir M29/02, Imlitir 21/98, Imlitir 30/97, Imlitir 29/97	Tá	Tá	Tá	
Maolú srianta ar phoist freagrachta a líonadh don scoilbhliain 2011/12	Ciorclán 53/11	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Comhaontú seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) - cúntóirí riachtanas speisialta	Ciorclán 71/11	Tá	Tá	Tá	
Tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe san oideachas	Imlitir M27/91	Tá	Tá	Tá	



Saincheist	Reachtaíocht, riall nó imlitir chúí	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cúí?			Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt
		2018-19	2019-20	2020-21	
Nósanna imeachta cosanta leanaí a chur i ngníomh	Imlitir 65/11	Tá	Tá	Tá	
	Eolas i dtaca le cosaint leanaí				
	• Líon na gcásanna ar chuir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid an HSE	0	0	1	
	• Líon na gcásanna ar chuir an TA tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid an HSE agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi	0	0	1	
	• Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ón HSE agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin	1	1	4	
	• Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ón HSE agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi	1	1	4	
Nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cúí	Alt 28 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le gearáin a rinne tuismitheoirí i rith na scoilbhliana.				
	• Líon na ngearán oifigiúil a rinne tuismitheoirí	2	1	0	
	• Líon na ngearán oifigiúil a próiseáladh	0	1	0	
• Líon na ngearán oifigiúil nár próiseáladh ina n-iomláine faoi dheireadh na scoilbhliana seo	2	0	0		
Diúltú do chlárú	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadaíodh	0	0	0	
• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh	0	0	0		

Scoláirí a chur ar fionraí	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo.				
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29</li> </ul>	0	0	0	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil</li> </ul>	0	0	0	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a éistíodh</li> </ul>	0	0	0	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na n-achomharc a ceadaíodh</li> <li>Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh</li> </ul>	0	0	0	
Scoláirí a dhíbirt ón scoil	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29</li> </ul>	0	0	0	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil</li> </ul>	0	0	0	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a éistíodh</li> </ul>	0	0	0	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na n-achomharc a ceadaíodh</li> <li>Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh</li> </ul>	0	0	0	

## Aguisín 2

### Seicliosta Polasaithe

Polasaí	Foinse	Ceadaithe ag an Bhord Bhainistíochta?	Muna bhfuil, cad iad na gnéithe atá le forbairt?
Polasaí rollaithe	<i>Alt 15 (2) (d) An tAcht Oideachais, 1998</i>	Tá	
Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh.	<i>Imlitir 20/90 Treoirlínte na Roinne Oideachais ar Iompar Bulaíochta a chosc, 1993 Treoirlínte BNLO Alt 23, An tAcht Leasa Oideachais 2000</i>	Tá	

<b>Straitéis tinrimh agus Rannpháirtíochta.</b>	<i>Alt 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000</i> <i>Achtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011</i>	Tá	
<b>Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta</b>	<i>Alt 20, An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 2005</i>	Tá	
<b>Cosaint Sonraí</b>	<i>An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988</i> <i>An tAcht um Chosaint Sonraí (Acht Leasaithe), 2003</i>	Tá	
<b>Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais.</b>	<i>An tAcht Oideachais, 1998</i> <i>Achtanna um Stádas Comhionann (2000 – 2011)</i> <i>An tAcht Oideachais (Leas), 2000</i> <i>An tAcht um Oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta oideachais (EPSEN), 2004</i> <i>An tAcht Míchumais, 2005</i>	Tá	
<b>Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta</b>	<i>Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)</i>	Tá	
<b>Polasaí maidir le cosaint leanaí</b>	<i>Imlitir 0065/2011</i>	Tá	
<b>Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe</b>	<i>Imlitir 24/91</i>	Níl	Ag tarlú ach níl aon pholasaí scríofa ann.
<b>Comhaontú na seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) – cúntóirí riachtanais speisialta.</b>		Níl	Ag cloí leis ach níl aon pholasaí scríofa ann.
<b>Polasaí Staidéir</b>		Tá	
<b>Polasaí Gaeilge</b>		Tá	
<b>Polasaí Teagmhais Chriticiúla</b>		Tá	
<b>Polasaí Curaclaim Bhreise</b>		Tá	
<b>Polasaí Gearáin</b>		Tá	
<b>Polasaí Measúnaithe</b>		Tá	
<b>Polasaí Taistil</b>		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
<b>Polasaí OSPA</b>		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
<b>Polasaí Teagasc Críostaí</b>		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
<b>Plean Freagartha Covid-19</b>		Tá	

# Coláiste Ailigh - School Self-Evaluation, 2020-2021

## *Summary of findings*

Every year the school undertakes a process of self-evaluation in order to ascertain strengths and weaknesses in the school, especially in the area of learning and teaching. Information is gathered and analysed and based on that information, the school agrees a School Improvement Plan (SIP) for the following school year. This plan seeks to build on strengths and improve on weaknesses.

As of 1 September 2021, there were 279 pupils in Coláiste Ailigh. 55 students started in First Year and, apart from 2, all of those attended a gaelscoil or a national school in a Gaeltacht area.

### Gathering of information

Because of the national Covid 19 emergency, the normal operation of information gathering was interrupted during the school year 2019-2020. An emergency School Improvement Plan was adopted in November 2020, but this was again interrupted by school closures in 2021. Information was gathered from teachers regarding the emergency SIP in May 2021 and it was decided, because of time constraints and in order to lessen the burden on teachers, to adopt another emergency SIP for 2021-2022, without going through the normal procedures of collecting information and self-evaluation.

Because of the continuing Covid 19 pandemic, it was decided that the SIP and the focus for school self-evaluation for 2021-2022 would concentrate on three areas: **the further development of ICT skills and methodologies, the health and wellbeing of students and staff and the development of team teaching in Coláiste Ailigh**. Furthermore, various school committees recommended that measures to further enhance the school's **Special Educational Needs Programme** be taken and that a **programme be put together to help new First Years adjust to secondary school**. The SIP can be found on pages 6-7 of this document. It seeks to address the above issues and build on established good practice.

**It is to be noted that, because of the global pandemic, the normal procedures of information gathering, self assessment and planning were not followed this year and that the above were adopted as emergency measures.**

### Progress in previously identified improvement goals

In the School Improvement Plan 2020-2021, five goals were identified:

1. The development of teachers' computer and technology skills. **This goal was achieved, but it is recognised that there is room for improvement.**
2. To assist and prepare students for remote learning. **This goal was achieved.**
3. To assist students with specific needs to learn at home. **This goal was achieved.**
4. To enhance the mental and general health of teachers and students. **The school achieved this goal in relation to general health and the pastoral and support team engaged constantly with students and teachers during the pandemic regarding mental health, however some of the goals for improving mental health were not achieved.**
5. To create systems which ensure that all public health guidelines are followed in school. **This goal was achieved.**

## Summary of the conclusions:

The following were identified as strengths:

- a) The school has robust systems for ensuring public health.
- b) There is significant improvement in teachers' computer and technology skills.
- c) The school managed to continue providing education to students at home.

The following were identified as areas of possible improvement:

- a) Further development of teachers' computer and technology skills is desirable.
- b) Further care regarding the mental and general health of students and teachers could be undertaken.
- c) The development of team teaching should be encouraged.
- d) Further provision could be made for students with Special Educational Needs.
- e) A programme to assist new students in the transition from primary to secondary school could be developed.

Aguisín 1 (Appendix 1) is a list of the legislative and regulatory requirements to which the school adheres.

Aguisín 2 (Appendix 2) is a list of school policies.